



COMHALTACHTAÍ PhD – FIONTAR & SCOIL NA GAEILGE

Fáiltítear roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilfochtaí cuí acu cur isteach ar chomhalahtachaí PhD atá á dtairiscint faoi láthair ag an Scoil. Dlúthchuid de mhisean acadúil na Scoile is ea an taighde agus an nuálaíocht acadúil. Tá aitheantas forleathan tuillte ag an Scoil as a clár taighde agus tá saineolas acadúil ag baill fairne sna réimsí seo a leanas: teanga agus saíocht na Gaeilge ón ré is luaithe go dtí an litríocht chomhaimseartha; na daonnachtaí digiteacha; an bainistíocht, an teicneolaíocht agus an fhiontraíocht. Is féidir teacht ar phróifíl agus réimsí taighde bhaill fairne uile na Scoile ag an nasc seo a leanas. https://www.dcu.ie/fiontar_scoilnagaeilge/people/index.shtml

Na Comhalahtachaí:

Beidh luach €16,000 (stipinn) *per annum* ag gabháil leis na comhalahtachaí agus clúdófar na táillí clárúcháin bliantúla go ceann tréimhse 4 bliana ar chuntar go ndéanfaidh iarrthóirí an dul chun cinn acadúil riachtanach ó bhliain go chéile. Beidh na hiarthóirí a n-éiríonn leo comhalahtacht a bhaint amach cláraithe le haghaidh PhD le Fiontar & Scoil na Gaeilge agus beidh an taighde faoi stiúir bhaill fairne na Scoile. Lonnófar iarrthóirí ag stáisiún oibre in oifig chuí sa Scoil agus beidh fáil acu ar ríomhaire agus ar acmhainní agus seirbhísí taighde iarchéime na hOllsoile. Beidh iarrthóirí faoi réir Rialacháin Acadúla um larchéimeanna Taighde na hOllscoile maidir le gach gné dá gclár taighde.

Cáilíochtaí Riachtanacha:

Ní mór cáilfochtaí sa réimse cuí a bheith ag iarratasóirí le haghaidh an chláir PhD de réir mar atá leagtha amach i Rialacháin Acadúla um larchéimeanna Taighde na hOllscoile (§3.3):

Bunchéim (Leibhéal 8): Céad Onóracha nó Dara Onóracha, Grad 1

NÓ

Máistreacht (Leibhéal 9): Céad Onóracha nó Dara Onóracha

An Próiseas iarratais:

Ní mór do dhaoine ar suim leo na comhalahtachaí iarratas a réiteach ina mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh: (1) CV (nach faide ná trí leathanach) ina mbeidh cur síos ar a dtaihí acadúil go dtí seo; (2) liosta d'aon fhoilseacháin/imeachtaí acadúla a raibh baint acu leo ó bhain siad a gcéim acadúil amach; (3) cur síos ar thogra taighde (gan dul thar 1,000 focal) a bhfuil suim acu tabhairt faoi. Níor mhór go dtiocfadh an togra sin le raon sainchumas taighde na mball fairne sa Scoil. D'fhéadfadh agallaimh a bheith i gceist mar chuid den phróiseas iarratais.

Féadfaidh iarratasóirí gné ar bith den phróiseas a phiosrú de rphost le Ceann na Scoile, an tOllamh Ciarán Mac Murchaidh. Ba chóir d'iarrthóirí iarratas leictreonach a chur ar aghaidh chuig ciaran.macmurchaidh@dcu.ie faoi 1200h, Dé Luain 20 Aibreán, 2020.

NÍ GHLACFAR LE HIARRATAIS CHRUA.



PhD FELLOWSHIPS – FIONTAR & SCOIL NA GAEILGE

Applications for PhD fellowships currently being offered by the School are welcomed from candidates who possess the relevant qualifications. A core part of the School's academic mission is research and academic innovation. The School is widely recognised for its research agenda and staff have academic expertise in the following areas: Irish language and literature from the early Irish period to contemporary literature; the digital humanities; management, technology and enterprise. The research profile of each member of staff in the School may be viewed at the following link.

https://www.dcu.ie/fiontar_scoilnagaeilge/people/index.shtml

The Fellowships:

The fellowships are worth €16,000 (stipend) *per annum* and the annual registration fee will also be covered for a period of four years, conditional on candidates demonstrating satisfactory academic progress from year to year. Successful applicants will be registered for the degree of PhD with Fiontar & Scoil na Gaeilge and their research will be supervised by academic staff based in the School. They will be assigned a work station in an office within the School and will have access to a computer and the postgraduate research resources and services of the University. Candidates will be subject to the University's Academic Regulations for Postgraduate Degrees by Research throughout the period of their registration in respect of all aspects of their research.

Required Qualifications:

Applicants seeking admission to the PhD register must have a qualification in an appropriate discipline as per the University's Academic Regulations for Postgraduate Degrees by Research (§3.3):

Primary degree (Level 8): First class honours *or* Second class honours, Grade 1

OR

Master's degree (Level 9): First class honours *or* Second class honours

Application Process:

Applicants should prepare an application which includes the following: (1) a CV (not longer than 3 pages) outlining their academic experience to date; (2) a list of any publications or other academic activity engaged in since earning their degree; (3) an outline research proposal (not longer than 1,000 words) which they are interested in pursuing at PhD level. The proposal should fall within the range of supervisory expertise of staff in the School. Interviews may form part of the application process.

Applicants may enquire by email about any aspect of the process with Prof. Ciarán Mac Murchaidh, Head of School. Electronic applications should be sent to ciaran.macmurchaidh@dcu.ie by 1200h, Monday 20 April, 2020.

HARD COPY APPLICATIONS WILL NOT BE ACCEPTED.